

Aistear á Nuashonrú

Teimpléad aighneachtaí scríofa le haghaidh eagraíochtaí, grúpaí agus daoine aonair

Tá an teimpléad seo ann le cabhrú leat (agus le do chomhghleacaithe) aighneacht scríofa a fhorbairt i ndáil le *Aistear á Nuashonrú*. Seol d'aighneacht chomhlánaithe le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Sonraí aighneachta ó dhuine aonair

Ainm	
Dáta	
Ríomhphost	

Sonraí aighneachta ó eagraíocht

Ainm	Foireann na Gaeilge
Post	
Eagraíocht	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
Dáta	
Ríomhphost	

An dtoilíonn tú leis an aighneacht seo a chur ar líne, lena n-áirítear d'ainm agus d'eagraíocht*?

Toilíonn

Ní thoilíonn

Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí).

Cuireann an An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) tacaíocht scoile agus forbairt ghairmiúil mhúinteoirí ar fáil.

Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Tá dhá chuid eile sa teimpléad. I gCuid 1 iarrtar do thuairimí agus breithnithe foriomlána maidir le *Aistear*. Creatchuraclam na Luath-Óige. Tá struchtúr Chuid 2 bunaithe ar na Prionsabail, na Téamaí agus na Treoirínte don Dea-chleachtas. Tugtar achoimre ar gach cuid mar thacaíocht le hoibriú ar an aighneacht.

Cuid 1

Tabhair breac-chuntas ar do thuairimí agus breithnithe foriomlána maidir le *Aistear*: Creachuraclam na Luath-Óige.

Tá an-fhiúntas ag baint le hAistear i scoileanna timpeall na tíre le breis agus deich mbliana anuas. Bhí sé forásach ag an am a seoladh é agus tá sé fós forásach. Tá obair le déanamh chun é a leathnú amach áfach.

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile tógtha ar phrionsabail Aistear, agus tugann sé sin deis dúinn tógáil ar an obair a dhéantar mar chuid d'Aistear trí na ranganna ar fad.

In Aistear, cuirtear síos ar na cineálacha foghlama (meonta, luachanna agus dearcadh, scileanna, eolas agus tuiscint) atá tábhachtach do pháistí i mblianta na luathóige, agus tá tuairimí agus moltaí ann maidir le conas an fhoghlaim seo a chothú. Leagann Curaclam Teanga na Bunscoile béim ar réimse cineálacha foghlama freisin agus tá coincheapa, meonta agus scileanna i gcroílár Torthaí Foghlama teanga CTB. B'fhiú na gnéithe CTB (cumarsáid, tuiscint, fiosrú agus úsáid) a nascadh níos fearr leis na téamaí in Aistear (Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid & Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht) nuair atá sé nuashonraithe áfach chun leanúnachas a chinntiú ó thaobh na téarmaíochta agus an chleachtais de.

Tá athruithe suntasacha tagtha ar an tsochaí le deich mbliana anuas. Sa lá atá inniu ann ba chóir cinntiú go bhfuil ionadaíocht ar chultúir éagsúla, ar theangacha baile éagsúla, ar dhéantúis teaghligh dhifriúla agus ar ghnéasachtaí éagsúla i suíomhanna luath-óige. B'fhiú an deis a thapú chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn chomh maith.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ngaelscoileanna sa tír le deich mbliana anuas agus mar sin tá níos mó tacaíochta agus treorach ag teastáil. Moltar sa [Pholasáí don Oideachas Gaeltachta](#) na tacaí a chuirtear ar fáil do shuíomhanna luathbhlianta (naíonraí agus bunscoileanna) atá ag feidhmiú trí Ghaeilge a dhaingniú freisin, agus b'fhiú go mór an deis a thapú é seo a dhéanamh nuair atá nuashonrú ar siúl ar Aistear.

Foilsíodh [Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#) anuraidh. Luaitear [príomhinniúlachtaí](#) ann atá nasctha le hAistear agus tá sé sin inmholta. Nuair atá obair ar siúl ar an gCuraclam Athfhorbartha agus nuair atá Aistear á nuashonrú, b'fhiú gach iarracht a dhéanamh na téamaí in Aistear a nascadh go dlúth leis na príomhinniúlachtaí sa churaclam, agus comhtháthú idir na téarmaí (Aistear) agus na réimsí agus ábhair sa

churaclam a chinntiú. Anuas air sin nuair atá leathdháileadh ama á shocrú don Churaclam Athfhorbartha, b'fhiú soiléiriú nach mbaineann Aistear le huair an chloig in aghaidh an lae amháin, srl. ach gur chóir go mbeadh bunphrionsabail Aistear fite fuaite tríd an lá scoile ar fad.

Baineann an-tábhacht leis an téama “Folláine” in Aistear agus tá sé sin inmholta. B'fhearr béim níos láidre a leagan ar chleachtas seachas ar pháipéarachas, mar atá threoraítear in [“Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim - Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta”](#) a seoladh i mí Aibreáin áfach.

Chomh maith leis sin, luaitear mar Ráiteas ar Chleachtas Éifeachtach do Chách a bhaineann le Príomhréimse 4: Caidrimh & Páirtnéireachtaí i [Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018–2023](#): “Tugann ceannairí agus bainistíocht scoile aitheantas do thábhacht folláine na foirne agus cothaítear é seo ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear aitheantas a thabhairt don luach a ghabhann le hionchur agus le hobair na foirne.” Go háirithe tar éis ré Covid-19 b'fhiú béim níos láidre arís a leagan ar an tábhacht a bhaineann le folláine na bpáistí, na dtuismitheoirí agus na gcleachtóirí/múinteoirí in Aistear nuair atá sé nuashonraithe.

Cuid 2

Prionsabail Aistear

Tá Aistear bunaithe ar 12 Phrionsabal na luathfhoghlama agus na forbartha. Cuirtear gach prionsabal in iúl le ráiteas gairid. Ansin, tá míniú ar an bPrionsabal ó dhearcadh an pháiste. Sonraítear ról an duine fhásta ag tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt an pháiste sa mhíniú sin. Is féidir teacht ar na Prionsabail [anseo](#).

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le Prionsabail Aistear a Nuashonrú. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na prionsabail agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Tá sé inmholta go dtógann na hocht bprionsabal teagaisc agus foghlama i n[Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#) ar na prionsabail in Aistear.

Leanaí agus an saol le linn na luath-óige

- 1. Indibhidiúlacht an linbh:** Aontaímid go bhfuil a (h)eispéiris agus a scéal féin ag gach leanbh agus gur foghlaimeoir gníomhach an leanbh sin. Is ball de theaghlach agus de phobal é/í a bhfuil traidisiúin agus slite beatha ar leith ag baint leo. Caithfear a chur san áireamh freisin go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an tsochaí le deich mbliana anuas. Tá sé tábhachtach go mbeadh aitheantas tugtha do cultúir, teangacha baile, gnéasachtaí agus déantúis teaghlaigh dhifriúla a bhaineann le gach leanbh aonair i suíomh luath-óige, agus ionadaíocht déanta orthu.
- 2. Comhionannas agus éagsúlacht:** Aontaímid go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach meas ar chomhionannas agus éagsúlacht a chothú le linn na luath-óige. Tá comhionannas agus éagsúlacht ábhartha i gcónaí. Tá tagairtí do réimse shuimeanna, riachtanas agus cumas na bpáistí go forleathan i gCuraclam Teanga na Bunscoile, éagsúlacht gur chóir tógaint san áireamh sna luathbhlianta freisin.
- 3. Leanaí ina saoránaigh:** Aontaímid go bhfuil sé ríthábhachtach aitheantas a thabhairt do ghuth an pháiste agus go mbeidh páistí páirteach i gcinnteoireacht a

bhaineann le nithe a rachaidh i bhfeidhm orthu. Tagann sé seo le haidhm Churaclam Teanga na Bunscoile “páistí a chumasú le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d’eispéiris teanga agus cumarsáideacha atá ábhartha agus lán brí”. Agus sinn ag iarraidh na leanaí a fhorbairt mar shaoránaigh sa luath-óige, bheadh sé tráthúil an inbhuanaitheacht a chur chun cinn freisin.

Gaolta atá ag leanaí le daoine eile

- 4. Caidrimh:** Tá caidrimh thar a bheith tábhachtach do pháistí. Tagann an prionsabal seo in Aistear go hiomlán le Curaclam Teanga na Bunscoile. Mar a luaitear i gCTB “Ón uair a shaolaítear iad foghlaimíonn páistí teanga trína gcuid idirghníomhaíochta sa bhaile, trína n-eispéiris foghlama i suíomhanna luath-óige agus isteach sa bhunscoil.” Anuas air sin tá “Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga” luaite mar cheann de na gnéithe i gCTB chomh maith.
- 5. Tuismitheoirí, teaghlach agus an pobal:** Tá gá le forbairt a dhéanamh air seo. Tá cumarsáid le tuismitheoirí thar a bheith tábhachtach. Is féidir le scoileanna árdán nua ar nós Seesaw a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi na gníomhaíochtaí atá ar bun ag na páistí. Thiocfadh sé seo leis an moladh sa [Pholasáí don Oideachas Gaeltachta](#) “tacú le tuismitheoirí agus iarraidh orthu bheith páirteach” freisin. Moltar sa [Pholasáí don Oideachas Gaeltachta](#) “Naisc phobail agus naisc idir na suíomhanna oideachais” a chothú chomh maith, agus tagann sé seo go hiomlán leis an bprionsabal seo.
- 6. Ról an duine fásta:** Aontaímid go dtarlaíonn an luathfhoghlaim tríd an gcaidreamh cómhalmartach idir an duine fásta agus an leanbh. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an duine fásta gur gá deiseanna a thabhairt do na páistí an fhoghlaim a threorú. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an fhoghlaim páistelárnach agus go ndéantar folláine na gcleachtóirí agus na múinteoirí a chosaint agus a chothú chomh maith.

An chaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí

- 7. Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch:** Foghlaimíonn leanaí an iliomad rudaí ag an am céanna. Tá gaol idir an rud a fhoghlaimíonn siad, an chaoi a bhfoghlaimíonn siad agus cé uaidh/uaithe a fhoghlaimíonn siad.

- 8. Foghlaim ghníomhach:** Tá foghlaim gníomhach lárnach i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus is léir go bhfuil leanúnachas i gceist ag bogadh ón bprionsabal seo in Aistear. B'fhiú tógáil a thuilleadh air seo nuair atá an Curaclam Athfhorbartha á chur le chéile.
- 9. Súgradh agus eispéiris phraiticiúla:** Tá an prionsabal seo thar a bheith ábhartha chun foghlaim leanaí óga a chur chun cinn agus chun cruthaitheacht a chothú, rud atá fíorthábhachtach sa lá atá inniu ann. Caithfear forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil d'fhonn cleachtóirí agus múinteoirí a chumasú leis an leas is fearr a bhaint as an súgradh d'fhonn foghlaim na bpáistí a chur chun cinn. Tógann Curaclam Teanga na Bunscoile ar an bprionsabal seo in Aistear agus b'fhiú tógáil air i ngach rang mar chuid de CTB agus nuair atá an Curaclam Athbhreithnithe á fhorbairt.
- 10. Eispéiris iomchuí shuntasacha:** Aontaímid go mbíonn foghlaim níos taitneamhaí agus níos dearfaí do leanaí nuair a bhíonn na heispéiris iomchuí, suntasach. Bíonn an-tábhacht ag baint le measúnú leanúnach agus le measúnú chun foghlama. Leagtar an-bhéim orthu i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Tá sé go maith go bhfuil pictiúr á chruthú de láidreachtaí, spéiseanna, cumais agus riachtanais indibhidiúla an linbh cheana féin in Aistear. Úsáidtear an t-eolas seo chun tacú le foghlaim agus forbairt an linbh. Tagann an cleachtas in Aistear seo leis an mbéim a leagtar ar chur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim mar chuid d'[Ullmhúchán don Teagasc agus don Foghlaim](#), agus moltar tógáil air. Anuas air sin, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis na féidearthachtaí teicneolaíochta. Is fiú iad seo a fhiosrú agus an nuashonrú ar siúl.
- 11. Cumarsáid agus teanga:** Aontaímid leis an tábhacht atá bainteach leis an gcumarsáid atá luaite anseo. Is ceart nasc follasach a dhéanamh leis an ngné "Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga / Cumarsáid" i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an mBéarla agus leis an nGaeilge a chur chun cinn sa luathoideachas.

12. An timpeallacht foghlama: Is ceart cinntiú a dhéanamh go bhfuil “An Timpeallacht Foghlama” in Aistear ag teacht leis na moltaí don timpeallacht foghlama sna treoirínte [Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim](#).

Cuid 3

Téamaí *Aistear*

Cuirtear foghlaim agus forbairt páistí i láthair in *Aistear*: Creatchuraclam na Luath-Óige faoi cheithre Théama. Is iad sin:

1. Folláine
2. Féiniúlacht agus Muintearas
3. Cumarsáid
4. Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Déantar cur síos ar gach a bhfoghlaiméoidh an páiste sna téamaí, lena n-áirítear claontaí, meonta agus luachanna, scileanna, eolas agus tuiscint. Tosaíonn gach téama le léargas gairid ar an tábhacht a bhaineann leis do pháistí mar fhoghlaiméoirí óga. Ansin, cuirtear an téama i láthair le ceithre aidhm. Tá gach aidhm deighilte ina sé sprioc foghlama. Is féidir teacht ar Théamaí *Aistear* [anseo](#).

Tabhair d’aiseolas foriomlán i ndáil le téamaí *Aistear*. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na téamaí agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Luaitear príomhinniúlachtaí i n[Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#) atá nasctha le h*Aistear* agus tá sé sin inmholta. Nuair atá forbairt á déanamh ar an gcuraclam athreithnithe agus nuair atá *Aistear* á nuashonrú, b’fhiú gach iarracht a dhéanamh na téamaí in *Aistear* a nascadh go dlúth leis na príomhinniúlachtaí sa churaclam, agus comhtháthú idir na téarmaí (*Aistear*) agus na réimsí agus ábhair churaclaim a chinntiú. Chabhródh sé seo le múinteoirí nuair atá siad i mbun ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim, go háirithe chun leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim a chinntiú.

- **Folláine:** Aontaímid go gcuireann caidrimh agus idirghníomhú leanaí leis an teaghlach agus leis an bpobal go mór lena bhfolláine agus leas. Tagann sé seo leis an mbéim a leagtar ar chaidrimh agus idirghníomhuithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile.

Tá fáilte roimh an bpríomhinniúlacht “folláine a chothú” agus an réimse curaclaim “folláine” i n[Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#) freisin, chun tógáil ar an obair a dhéantar ar an téama seo in *Aistear*. Cé nach leagtar béim sách láidir ar chúrsaí folláine na gcleachtóirí agus na múinteoirí sa [Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018–2023](#) (Féach an t-alt deireanach i gcuid a haon thuas) tá sé ríthábhachtach a sláinte a chaomhnú. Nuair atá sé nuashonraithe ba chóir go

mbeadh Aistear ag teacht le [Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018–2023](#), le Curaclam Teanga na Bunscoile agus le [Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#) agus béim láidir leagtha ar fholláine, ar chaidrimh agus ar idirghníomhuithe ann. Beidh sé fíorthábhachtach éifeachtaí Covid- 19 ar pháistí agus na himpleachtaí a bhaineann leis a chur san áireamh i gcomhthéacs Aistear nuair atá an nuashonrú ar siúl.

- **Féiniúlacht agus Muintearas:** Is ceart cinntiú go bhfuil Aistear ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018–2023 agus le [Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#).
- **Cumarsáid:** Is ceart nasc a dhéanamh idir an téama “Cumarsáid” in Aistear agus an ghné “Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga / Cumarsáid” i gCuraclam Teanga na Bunscoile. (Féach cuid a dó, prionsabal a haon déag thuas freisin)
- **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht:** Is ceart nasc soiléir a dhéanamh idir Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht (Aistear) agus Fiosrú agus Úsáid (Curaclam Teanga na Bunscoile).

Cuid 4

Treoirínite don Dea-Chleachtas

Tá ceithre shraith treoirínite in *Aistear*, a dhíríonn ar ghnéithe éagsúla den chleachtas:

- Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí
- Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta
- Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
- Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe

Déantar cur síos iontu ar an gcaoi ar féidir leis an duine fásta tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste ar fud phrionsabail agus théamaí *Aistear*. Is féidir teacht ar Threoirínite don Dea-Chleachtas *Aistear* [anseo](#)

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le Treoirínite Dea-Chleachtas *Aistear* a nuashonrú.

Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na treoirínite agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

1. Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí

Féach cuid a dó, prionsabal a cúig thuas

Tá féidearthachtaí ann d'ardáin teicneolaíochta (Seesaw, srl.) a úsáid chun comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí. B'fhiú iad seo a iniúchadh sna treoirínite nuashonraithe. Thioctadh sé seo leis an moladh sa [Pholasáí don Oideachas Gaeltachta](#) "tacú le tuismitheoirí agus iarraidh orthu bheith páirteach" freisin.

2. Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíocht

Féach cuid a dó, prionsabal a ceathair thuas

B'fhiú físeáin dea-chleachtas sa bhreis a chur le chéile, go háirithe do shuíomhanna tumoideachais.

3. Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha

Féach cuid a dó, prionsabal a naoi thuas

Tá leanúnachas i gceist anois toisc go bhfuil nasc déanta idir Curaclam Teanga na Bunscoile agus *Aistear* maidir le súgradh. Leagtar béim ar an súgradh agus ar ghníomhaíochtaí tarraingteacha agus spráíúla i Roinn a Sé de Churaclam Teanga na Bunscoile agus in *Aistear* chomh maith. B'fhiú tógáil air seo sa Churaclam

Athfhorbartha atá á fhorbairt ag an gCNMCM faoi láthair, agus sna treoirlínte nuashonraithe d'Aistear. Tá an-tábhacht agus fiúntas soiléir ag baint le súgradh chun teanga a chur chun chinn mar atá luaite i Roinn a Sé do CTB. Baineann dúshláin áirithe le seo i suíomh tumoideachais.

Dá bharr seo b'fhiú cur leis an méid atá ar fáil san ábhar tacaíochta/sna treoirlínte faoi Aistear a chur i bhfeidhm i suíomhanna lán-Ghaeilge. Tá treoir agus tacaíocht ag teastáil ó scoileanna faoi cathain agus conas ba chóir tosú le hAistear i suíomh Gaelscoile (tumoideachais), (áit nach í an Ghaeilge máthairtheanga an pháiste). Is mór an tacaíocht iad cúntóirí teanga le forbairt teanga pháistí. B'fhiú scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach chun tacú le forbairt teanga na bpáistí i naíonraí agus i scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di i gcomhthéacs Aistear. B'fhiú tagairt a dhéanamh don [Pholasáí don Oideachas Gaeltachta](#) nuair atá nuashonrú a dhéanamh air seo.

Tá treoirlínte/ábhair tacaíochta ag teastáil chun an Ghaeilge a thabhairt isteach go neamhfhoirmeálta in Aistear i scoileanna T2. D'fhéadfaí nasc níos soiléire a dhéanamh le [FCÁT/CLIL](#) agus leis an [gCur Chuige Cumarsáideach](#) (Tréimhse Réamhchumarsáide: Ullmhúchán; Tréimhse Cumarsáide: Súgradh; Tréimhse larchumarsáide: Plé ar cad a rinne siad agus cad a dhéanfaidh siad an chéad lá eile - féinmheasúnú chun foghlama)

4. Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe

Féach cuid a dó, prionsabal a deich thuas

Tá na treoirlínte "[Measúnú i gCuraclam na Bunscoile - Treoirlínte do Scoileanna](#)" fós ábhartha ach tá modhanna measúnaithe nua ar an bhfód anois freisin. Is féidir teicneolaíocht a úsáid chun cabhrú linn i saol an lae inniu.

B'fhiú cinntiú chomh maith go mbeidh leanúnachas ann idir an contanam agus na treoirlínte don mheasúnú a bheidh molta sa Churaclam Athfhorbartha (atá luaite i n[Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#)) agus in Aistear nuair atá sé nuashonraithe.

Is cuid lárnach den mheasúnú é an t-aiseolas agus chomh maith le haiseolas is fiú tabhairt faoi "feedforward" a dhéanamh freisin: (m.sh. Tugtar aiseolas agus tugtar moladh ar an gcéad chéim eile).

B'fhiú [Aiseolas Ceartaitheach](#) a lua sna treoirlínte mar bheadh sé cabhrach do chleachtóirí agus múinteoirí atá ag obair le hAistear i suíomh tumoideachais.

Is fiú breathnú ar [Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim](#) i gcomhthéacs Aistear freisin.

Anuas ar na pointí thuas, ba chóir an treoir atá eisithe faoi [Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim](#), agus na treoirí faoi ullmhúchán d'Aistear teacht le chéile. Tá "Aistriú agus Leanúnachas" luaite mar phrionsabal i n[Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile](#), agus ba chóir go mbeadh leanúnachas i gceist anseo. Ní cóir go mbeadh dhá phlean le scríobh ag múinteoirí bunscoile atá ag múineadh naíonán (ceann amháin d'Aistear agus ceann eile do Churaclam Teanga na Bunscoile/ don Churaclam Athfhorbartha). Ní cóir go mbeidís ag caitheamh an iomarca ama ar ullmhúchán taifeadta. Ba chóir go mbeadh leanúnachas i gceist agus go mbeadh an t-am ag múinteoirí bunscoile díriú isteach ar leas na leanaí, agus ar an ullmhúchán infheicthe agus dofheicthe.

Cosaint Sonraí

Tá meas iomlán ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachais. Caithfear le haon faisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú do CNCM leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh faisnéise uait maidir leis an gcosaint sonraí gabh chuig <https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais> nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ag dpo@ncca.ie.

Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie